# FÓGRA PRÍOBHÁIDEACHAIS DO MHIC LÉINN (AGUS DÁ DTUISMITHEOIRÍ / GCAOMHNÓIRÍ)

**Leagan: 4**

**Dáta ar dhaingnigh Foireann Bainistíochta Sinsearaí BOOÁCDL é: 11/03/2024**

**An Dáta ar nótáladh é ag Bord Bainistíochta BOOÁCDL: 25/03/2024**

**Sínithe ag: ______________________ (PF)**

**Uaslódáilte chuig Inlíon BOOÁCDL** ☐

**Leaganacha Béarla agus Gaeilge uaslódáilte ar Shuíomh Gréasáin BOOÁCDL:**
**Tá:** ☐ **Níl:** ☐

**Dáta le haghaidh an athbhreithnithe: 25/03/2025**

| | |
|---|---|
| Uimhir an Pholasaí: PL/0007 | Uimhir an Leagain: v2/2024 |
| Leaganacha roimhe seo: v1/2021 | An Dáta Tosaithe: 25/03/2024 |
| Faofa/Nótáilte ag an mBord: 25/03/2024 | Dáta an athbhreithnithe: 25/03/2025 |

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

# Fógra Príobháideachais do dhaltaí (agus dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí)

| |
|---|
| Trí iarratas a dhéanamh ar scoil, ionad, cúrsa nó clár BOO agus freastal uirthi, aithníonn tú go ndéanfaidh BOOÁCDL próiseáil ar do shonraí pearsanta (lena n-áirítear sonraí pearsanta catagóire speisialta). Tugann an Fógra Príobháideachais seo roinnt faisnéise cabhrach duit fúinn féin, faoi na sonraí pearsanta a bhailímid fút, faoi bhfáth leis sin, fúthu sin a roinnimid iad agus faoin bhfáth leis sin, faoin bhfad a choinnímid iad, agus faoi do chearta. Má tá tuilleadh eolais uait, féach ar ár bPolasaí Cosanta Sonraí atá ar fáil ag www.ddletb.ie |

1. Is muidne Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire. Is é BOOÁCDL, 1 Geata an Tuansaigh, Cearnóg Belgard Thoir, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24 ár seoladh agus sonraí teagmhála. Cuirimid oideachas bunscoile, oideachas dara leibhéal, oideachas iardheise ar fáil; breisoideachas agus oiliúint lena n-áirítear printíseachtaí; Obair óige, cláir oideachais phobalbhunaithe, oideachas príosúin, cláir for-rochtana, sainchláir etc. agus cláir/cúrsaí eile mar a d'fhéadfaí a sheachadadh/a mhaoiniú/a urrú go hiomlán nó go páirteach nó i gcomhar le comhlachtaí/gníomhaireachtaí eile etc. Chun tuilleadh eolais a fháil, féach rannán 1 dár bPolasaí Cosanta Sonraí atá ar fáil www.ddletb.ie

2. Nuair a bhíonn tú i do mhac léinn le BOOÁCDL, bailímid agus úsáidimid do shonraí pearsanta. Braitheann an cineál faisnéise a bhailímid fút ar thosca éagsúla, mar shampla cibé an bhfuil tú faoi bhun 18 mbliana d'aois nó an foghlaimeoir fásta thú, an cineál cúrsa a bhfuil tú cláraithe air etc. Is féidir faisnéis faoi d'aitheantas agus do shonraí teagmhála a bheith san áireamh sna sonraí pearsanta a bhailímid; íomhánna/grianghraf (lena n-áirítear TCI); sonraí teaghlaigh; sonraí iontrála/rollaithe; scoileanna roimhe seo; dul chun cinn acadúil; Uimhir PSP; riachtanais speisialta oideachais; náisiúntacht; teanga; reiligiún; sonraí leighis; faisnéis faoi iompar agus tinreamh; faisnéis faoi shláinte, sábháilteacht agus leas; faisnéis airgeadais (táillí, deontais, scoláireachtaí etc); agus sonraí pearsanta eile. Is féidir tuilleadh sonraí faoi na sonraí a bhailímid fút a fháil i rannán 2 dár bPolasaí Cosanta Sonraí. Má tá tú faoi bhun 18 mbliana d'aois nuair a chláraíonn tú, bailímid ainm, seoladh, sonraí teagmhála agus eolas eile faoi do thuismitheoirí/chaomhnóirí. Má tá tú faoi bhun 18 mbliana d'aois, téitear i gcomhairle le do thuismitheoir/chaomhnóir agus iarrtar ort toiliú a thabhairt maidir le rudaí áirithe amhail do ghrianghraf a thógáil, dul ar thurais scoile etc. Úsáidimid do shonraí pearsanta chun críocha lena n-áirítear: d'iarratas ar chlárú; oideachas agus tacaíocht chuí a chur ar fáil duit; monatóireacht a dhéanamh ar do dhul chun cinn acadúil; aire a thabhairt do do shláinte agus d'fholláine; aire a thabhairt dár bhfoireann agus dár mic léinn; iarratais ar dheontais agus scoláireachtaí a phróiseáil; cláir oideachais a chomhordú, a mheas, a mhaoiniú agus a eagrú; ár n-oibleagáidí dlíthiúla mar chomhlacht oideachais a chomhlíonadh; ár n-oibleagáidí faireacháin agus tuairiscithe a chomhlíonadh do chomhlachtaí Rialtais, agus do chomhlachtaí maoinithe AE; achomhairc a phróiseáil, díospóidí a réiteach, agus dlíthíocht etc. a chosaint. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi na sonraí a bhailímid, faoin bhfáth a mbailímid iad, faoin gcaoi a n-úsáidimid iad, agus faoin mbunús dlí atá leis sin, téigh chuig rannán 2 dár bPolasaí Cosanta Sonraí atá ar fáil ag www.ddletb.ie

3. Roinnimid do shonraí pearsanta le tríú páirtithe, lena n-áirítear comhlachtaí Rialtais eile. Áirítear leis seo Coimisiún na Scrúduithe Stáit, an Roinn Oideachais agus Scileanna, NCSA, SOLAS, SUSI, HEA, QQI, TUSLA, An Garda Síochána, FSS, an Roinn Coimirce Sóisialaí, na Coimisinéirí Ioncaim etc. Braitheann an leibhéal comhroinnte agus nádúr an méid a roinntear ar fhachtóirí éagsúla, lena n-áirítear, nádúr an chúrsa a bhfuil tú ag tabhairt faoi/cláraithe air. Bainfidh na Comhlachtaí rialtais a n-aistrímid do shonraí pearsanta chucu úsáid as do shonraí pearsanta chun a gcuspóirí féin (lena n-áirítear: chun faisnéis eile atá acu fút cheana féin a fhíorú, le haghaidh bearta coiscthe calaoise, etc) agus féadfaidh siad iad a chomhiomlánú le faisnéis eile atá acu fút féin agus faoi do theaghlach cheana féin. Roinnimid do shonraí pearsanta freisin le tríú páirtithe eile lena n-áirítear ár gcuideachta árachais agus soláthraithe seirbhíse eile (lena n-áirítear soláthraithe TF, soláthraithe slándála, comhairleoirí dlí etc), agus scoileanna/coláistí agus comhlachtaí eile san earnáil breisoideachais agus oiliúna, soláthraithe printíseachta, socrúcháin taithí oibre

agus fostóirí amach anseo etc. Ceanglaítear orainn de réir dlí taifid áirithe a bhaineann le dul chun cinn scoláire (faoi bhun 18 mbliana d'aois) ina c(h)uid oideachais a chur ar fáil do thuismitheoirí/chaomhnóirí an scoláire, torthaí scrúduithe san áireamh. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi na daoine a roinnimid do chuid sonraí leo, faoi cathain agus faoi na himthosca, agus faoin bhfáth leis sin, féach rannán 3 dár bPolasaí Cosanta Sonraí atá ar fáil ag www.ddletb.ie

4. Ní aistrímid do shonraí pearsanta chuig tríú tír ná chuig eagraíocht idirnáisiúnta.

5. Ní ghlacaimid páirt i gcinnteoireacht/próifíliú uathoibrithe.

6. Ní choinnítear roinnt sonraí pearsanta ach ar feadh tréimhse ghearr (e.g. scriosfaimid iad ag deireadh bliana acadúla toisc nach bhfuil gá leo a thuilleadh). Roinnt sonraí a choinnímid ar feadh tréimhse níos faide (e.g. coinnithe tar éis duit do chuid staidéir a fhágáil nó a chríochnú ar shlí eile le BOOÁCDL). Chun tuilleadh eolais a fháil faoi na tréimhsí coinneála, téigh chuig rannán 6 dár bPolasaí Cosanta Sonraí atá ar fáil ag www.ddletb.ie

7. Tá na cearta reachtúla seo a leanas agat is féidir a fheidhmiú ag am ar bith:
   (a) An ceart gearán a dhéanamh le húdarás maoirseachta.
   (b) Ceart rochtana.
   (c) Ceart go ndéanfaí ceartúcháin.
   (d) Ceart go ligfí i ndearmad.
   (e) Ceart chun próiseáil a shrianadh.
   (f) An ceart chun iniomparthacht sonraí.
   (g) An ceart agóid a dhéanamh agus cinnteoireacht/próifíliú uathoibrithe a dhéanamh.

   Chun tuilleadh eolais a fháil, féach rannán (7) dár bPolasaí Cosanta Sonraí atá ar fáil ag www.ddletb.ie, nó de rogha air sin, déan teagmháil lenár nOifigeach Cosanta Sonraí.

8. Má tá aon cheist agat, féach rannán dár bPolasaí Cosanta Sonraí (atá ar fáil ag www.ddletb.ie) nó déan teagmháil linn ag dataprotection@ddletb.ie.